


Samhradh Iontach




1. Lá amháin, bhuail mé le mo chara Lára taobh amuigh den tséipéal ar ceathrú tar éis a trí. Thosaigh muid **ag leagan amach** plean dona laethanta saoire. Bhí mé ag dúil go mór le samhradh fada, **taйтneamhach**.



2. Ach bhí airgead le déanamh againn. Chuaigh muid go dtí an t-óstán ag lorg jabanna samhraidh. Bhí bainisteoir an óstáin deas, cuidiúil. Thug sé post dúinn ag glanadh na seomraí leapa san óstán. Bhí muid breá sásta **an deis a thapú** mar bhí **géarghá** ar an airgead!



3. Ag deireadh mhí Iúil, bhí go leor airgid **saothraithe** againn chun dul chun na hIodáile. Chaith muid seachtain sa Róimh. Thaitin an áit go mór linn. Is cathair ghleoite, stairiúil í an Róimh.



4. I lár mhí Lúnasa, bhí muid ar ais sa bhaile agus bhain muid cluiche peile sa chraobh. Chomh maith leis sin, chonaic muid cúpla scannán sa phictiúrlann a thaitin go mór linn. Bhí muid lán-sásta bheith **i gcuideachta a chéile** agus gan bheith ag staidéar!



5. Ach rinne muid obair dheonach do Chumann Naomh Uinseann de Pól freisin. Bhuail muid le cuid mhór **daoine gan dídeán** ar na sráideanna. Chuidigh muid leis na daoine bochta agus **ghabh siad buíochas linn** as an chuidiú.



6. Bhain muid an-sult as ár laethanta saoire. Dúirt mise **gurbh é an samhradh ab fhearr** a bhí agam riamh. Tá Lára ag dúil go mór leis an bhliain seo chugainn **cheana féin!** Bhí sé **ar intinn againn dul thar sáile** arís... Mar a deir an seanfhocail “**Giorraíonn beirt bóthar!**”.